Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2022 (OR. en)**

**12247/22**

**SOC 481**
**EMPL 328**
**EDUC 305**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Angela GRIECO, comhalta malartach don Iodáil, in ionad Pietro TAGLIATESTA, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Pietro TAGLIATESTA éirithe as mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Iodáil).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hIodáile don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Angela GRIECO
Oifigeach don Aonad Gairmoideachais agus Gairmoiliúna
Stiúrthóireacht um beartais ghníomhacha don mhargadh saothair
An Aireacht Saothair agus Beartais Shóisialta
Via Flavia, 6
00187
An Róimh - an Iodáil
Teil.: + 39 06 46835874
r-phost: agrieco@lavoro.gov.it

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta malartach ar

Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas folamh anois ó d'éirigh Pietro TAGLIATESTA as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hIodáile don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
2 IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
3 IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
4 IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
5 IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Angela GRIECO ina comhalta ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Pietro TAGLIATESTA ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán